An Grá Faoi Ghlas, Aonad 6

Ar an séú lá tá Aingeal fós trína chéile faoin méid a chonaic sí ag dul ar aghaidh inné idir Stiofán agus Sorcha.

Sorcha: Maidin mhaith, a Aingeal. Caide mar atá tú?

[*Aingeal:* *Caide mar atá tú* (faoi dhó)]

Sorcha: An bhfuil achan rud i gceart, a Aingeal?
Stiofán: A chailíní áille, conas atá sibh ar maidin?
Sorcha: Níl caill ar bith orainne, a Stiofán.
Stiofán: So, votáil anocht.
Aingeal: 'Sea.
Stiofán: Tá sé deacair oibriú amach cén duine ar cóir fáil réidh leis.
Aingeal: Meas tú?

Sorcha: Tá mé ag dul a ghlacadh le do chomhairle.
Stiofán: Faoi Dharren?
Sorcha: 'Sea. Níor cheart a bheith mímhúinte leis. Gabhfaidh mé leithscéal leis anois nuair a fheiceas mé é.
Stiofán: Is leaid an-deas é, a Shorcha. D'Fhéadfá níos measa ná Darren a dhéanamh.
Sorcha: Bhuel, cífimid.
Stiofán: Slán go fóillín.

Aingeal: A Stiofáin…
Stiofán: 'Sea, a Aingeal?
Aingeal: A Stiofáin, an bhfuil tusa agus Sorcha…? An bhfuil…?
Stiofán: Mise agus Sorcha? Níl ar chor ar bith.
Aingeal: Ó, ó.
Stiofán: Cuireann sí mo dheirfiúr i gcuimhne dom. Tá sí go deas, nach bhfuil?
Aingeal: Tá, iontach deas.
Stiofán: So, ar mhaith leat beagán ióga a dhéanamh liom sa seomra aclaíochta?
Aingeal: Ó, ba bhreá liom é sin, a Stiofáin.

[*Aingeal:* *Ar mhaith leat beagán ióga a dhéanamh liom sa seomra aclaíochta?* (faoi dhó)]

Máirtín: Cén caoi a bhfuil tú?
Sorcha: Tá liom (?)
Máirtín: An ag cuartú oibre san sorchas atá tú?
Sorcha: Ní h-ea. An tusa?
Máirtín: Cén obair a dhéanann tú ar aon chaoi?
Sorcha: Is banaltra mé. Tá mé ag obair san otharlann i Leitir Ceanainn.
Máirtín: Ó, banaltra a ba ea?
Sorcha: 'Sea [*Caitheann sí an liathróid aige*]
Máirtín: Ó mo chloigeann. An bhfuil banaltra sa teach, an bhfuil?
Sorcha: Sílim gur dochtúir a bheith de dhíth ort sa chás seo.

[*Sorcha:* *Máirtín? Bhuel, tá a fhios agat féin fir Chonamara. Níl stop ar bith leo.*]

Darren: Ó hello, a Shorcha.
Sorcha: Éist bomaite. Bhí mé ag iarraidh leithscéal a ghabháil leat faoi inné. Bhí mé mímhúinte leat.
Darren: Tá tú togha. Bhí mé ag cur isteach ortsa.
Sorcha: Ar scor ar bith, tá mé buartha. Maith go leor?
Darren: Maith go leor.

[*Darren:* *Éist bomaite* (faoi dhó)]

Darren: A ceathair a ceathair.
Sorcha: Fan go bhfeicfidh tú an ceann seo.
[*Scread*]
Sorcha: A Aingeal, cad…?

[*Aingeal: Ar mhaith leat beagán ióga a dhéanamh liom sa seomra aclaóichta?* (faoi dhó)]

Ag deireadh an séú lae beidh duine amháin ag fágáil an tí. Ach cén duine?

[*Votáil*]

Stiofán: Níl ann ach cluiche.

Ceisteanna

1. Ag tús an séú lae, cad chuige a bhfuil Aingeal ar buile?
2. Cén chomhairle a thug Stiofán do Shorcha?
3. De réir Stiofán, cén duine atá Sorcha cosúil léi?
4. Cén áit a bhuaileann an liathróid Máirtín?
5. Cén tuairim atá ag Sorcha faoi fhir Chonamara?

Ag tabhairt tuairimí

1. An raibh Sorcha mímhúinte le Darren ar an gcúigiú lá?
2. An aontaíonn tú leis an gcinneadh fáil réidh le Stiofán?